

An Bhruiséil, 30 Eanáir 2026
(OR. en)

5535/26
PV CONS 1
ECOFIN 60
PARLNAT

DRÉACHT-MHIONTUAIRISCÍ
COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH¹
(Gnóthaí Eacnamaíocha agus Airgeadais)
20 Eanáir 2026

¹ I láthair Uachtarán BEI

1. An clár oibre a ghlacadh

Ghlac an Chomhairle an clár oibre a leagtar amach in 5109/26.

2. Formheas na míreanna ‘A’

(a) Liosta neamhrechtach

5111/26

Ghlac an Chomhairle gach mír ‘A’ a liostaítear sa doiciméad thuas, lena n-áirítear gach doiciméad teanga COR agus REV a tíolacadh lena nglacadh.

(b) Liosta reachtach (Plé poiblí i gcomhréir le hAirteagal 16(8) den Chonradh ar an Aontas Eorpach)

5112/26

Gnóthaí Eacnamaíocha agus Airgeadais

1. Cinneadh maidir le cúnamh macrairgeadais a chur ar fáil don Iordáin



5083/26
PE-CONS 55/25
ECOFIN

Glacadh an ghnímh reachtaigh

a d’fhorghreag Coreper, Cuid 2, an 14.1.2026

D’fhorghreag an Chomhairle an seasamh ó Pharlaimint na hEorpa ar an gcéad léamh agus glacadh an gníomh beartaithe de bhun Airteagal 294(4) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (bunús dlí: Airteagal 212(2) CFAE).

Gnóthaí Ginearálta

2. Rialachán lena leasaítear Rialachán (AE) 2021/1755 a mhéid a bhaineann leis na méideanna a leithdháiltear ar na Ballstáit faoi Chúlchiste Coigeartaithe Brexit



5082/26 REV 1
+ADD 1 REV 1
PE-CONS 53/25
COH

Glacadh an ghnímh reachtaigh

a d’fhorghreag Coreper, Cuid 2, an 14.1.2026

D’fhorghreag an Chomhairle an seasamh ó Pharlaimint na hEorpa ar an gcéad léamh agus glacadh an gníomh beartaithe de bhun Airteagal 294(4) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (bunús dlí: Airteagal 175 CFAE), agus an Bhulgáir ag staonadh ón vótáil. Leagtar amach san Iarscríbhinn na ráitis ón mBulgáir agus ón Iodáil a ghabhann leis an mír seo.

Gníomhaíochtaí neamh-reachtacha

3. Clár oibre na hUachtaránachta *Cur i láthair ón Uachtaránacht* *Seisiún tuairimíochta*



4. Tionchar eacnamaíoch agus airgeadais fhogha na Rúise faoin Úcráin *Seisiún tuairimíochta*

- | | | |
|----|--|---|
| 5. | An Téarnamh Eacnamaíoch san Eoraip Cinntí Cur Chun Feidhme ón gComhairle faoin tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta (Bunús dlí: Airteagal 20, Rialachán (AE) 2021/241) <i>Glacadh</i> | ☐(*) 16877/25 + ADD 1 17019/25 + ADD 1 17026/25 + ADD 1 17028/25 + ADD 1 17030/25 + ADD 1 17031/25 + ADD 1 |
| 6. | Seimeastar Eorpach 2026 Conclúidí i dtaca le Tuarascáil 2026 maidir leis an Sásra Foláirimh <i>Formheas</i> | 5087/26 |
| 7. | Cur chun feidhme an chreata rialachais eacnamaíoch Cinntí ón gComhairle agus Moltaí ón gComhairle faoin Nós Imeachta um Easnamh Iomarcach (Bunús dlí: Airteagail 126(6) agus 126(7) CFAE) <i>Glacadh</i> | ☐(*) 5093/26 5094/26 |
| 8. | Aon ghnó eile | |

-
- ☐ Plé poiblí (Airteagal 8(3) de Rialacha Nós Imeachta na Comhairle)
- ☐ Mír atá bunaithe ar thogra ón gCoimisiún
- (*) Mír ar féidir vótáil a iarraidh ina leith
-

Ráitis a ghabhann leis na míreanna reachtacha ‘A’ a leagtar amach in 5112/26

**Maidir le mír 2 ar
liosta na míreanna
‘A’:**

Rialachán lena leasaítear Rialachán (AE) 2021/1755 a mhéid a bhaineann leis na méideanna a leithdháiltear ar na Ballstáit faoi Chúlchiste Coigeartaithe Brexit
Glacadh an ghnímh reachtaigh

RÁITEAS ÓN mBULGÁIR

‘I gcomhréir leis an gcreat dlíthiúil is infheidhme lena rialaítear Cúlchiste Coigeartaithe Brexit, tá iarratas ar íocaíocht curtha isteach go cuí ag an mBulgáir le haghaidh caiteachas fíoraithe dar luach EUR 882 158.92, a tabhaíodh roimh an 30 Meán Fómhair 2024, nár aisíoc an Coimisiún Eorpach go fóill.

Sa chomhthéacs sin, measann an Bhulgáir nár cheart tionchar a bheith ag an Togra le haghaidh RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE lena leasaítear Rialachán (AE) 2021/1755 a mhéid a bhaineann leis na méideanna a leithdháiltear ar na Ballstáit faoi Chúlchiste Coigeartaithe Brexit [2025/0289 (COD)] ar an méid thuasluaite.’

RÁITEAS ÓN IODÁIL

‘Cé go n-aithníonn an Iodáil torthaí an Athbhreithnithe Mheántearmaigh ar an gCreat Airgeadais Ilbhliantúil a mhéid a bhaineann le hath-implonú mhéideanna 2025 faoi Chúlchiste Coigeartaithe Brexit, tarraingíonn sí aird ar na deacrachtaí oibríochtúla a eascraíonn as an athbhreithniú teicniúil a áirítear sa togra le haghaidh Rialachán lena leasaítear Rialachán (AE) 2021/1755, ag a bhfuil tionchar EUR 30.8 milliún ar leithdháileadh na hIodáile, i bhfianaise na ngealltanais atá ceangailteach ó thaobh dlí a rinneadh ar an leibhéal náisiúnta.

Meabhraítear don Iodáil na himthosca eisceachtúla ina ndearnadh an cinneadh sin i gcomhthéacs an Athbhreithnithe Mheántearmaigh agus cuireann sí bhfios go láidir nár cheart fasach a leagan síos leis an idirghabháil sin i leithdháileadh airgeadais ionstraime arna cur chun feidhme, rud a chosnódh bainistiú éifeachtach acmhainní poiblí ag na comhlachtaí riaracháin inniúla atá freagrach as an gcur chun feidhme.’